

# **Iniúchadh ar Neamhionannais agus Plean Gníomhaíochta Alt 75: Eanáir 2023 – Nollaig 2025**



# Iniúchadh ar Neamhionannais agus Plean Gníomhaíochta Alt 75: Eanáir 2023 – Nollaig 2025

*Sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.*

Tá an doiciméad seo ar fáil i raon formáidí ach é sin a iarraidh.

Déan teagmháil linn maidir leis na riachtanais atá agat

## **safefood**

7 Ascaill an Gheata Thoir, An Geata Thoir, An tOileán Beag, Co. Chorcaí, T45 RX01

Teil.: +353 (0)21 2304100

Téacs: +353(0)86 6016002

# Iniúchadh ar Neamhionannais

## 1. Cuspóir an Iniúchta

Tugtar i Scéim Comhionannais **safefood** gealltanais chun Iniúchadh ar Neamhionannais a dhéanamh agus an t-iniúchadh sin a athbhreithniú ar aon dul le sceidil a Scéime Comhionannais. Cheadaigh an Coimisiún Comhionannais an Scéim reatha an 14 Meán Fómhair 2011 agus athbhreithníodh i mí Mheán Fómhair 2017 é. Déanfar athbhreithniú eile i mí Mheán Fómhair 2023.

Luaitear in alt 75(1) d'Acht Thuaisceart Éireann, 1998, gurb amhlaidh, le linn dóibh feidhmeanna a bhaineann le Tuaisceart Éireann a chur i gcrích, a cheanglaítear ar chomhlachtaí poiblí amhail **safefood** aird chuí a bheith acu ar an ngá atá ann le comhionannas deiseanna a chur chun cinn:

- idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, grúpa cine, aois, stádas pósta nó gnéaschlaonadh dóibh
- idir fir agus mná i gcoitinne
- idir daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine nach bhfuil aon mhíchumas orthu
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil aon chleithiúnaithe acu.

Luaitear in alt 75(2) den Acht gurb amhlaidh, i dteannta na n-oibleagáidí thuas agus gan dochar dóibh, a cheanglaítear ar **safefood** aird a bheith aige ar a inmhianaithe atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh le linn dó a fheidhmeanna i ndáil le Tuaisceart Éireann a chur i gcrích.

Faoi na forálacha sin, ceanglaítear ar **safefood** Scéim Comhionannais a fhorbairt. Déantar athbhreithniú ar an Scéim sin gach cúig bliana agus, mar chuid den athbhreithniú, agus mar a mhol Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, ba cheart do **safefood** cur chuige córasach a ghlacadh i leith scrúdú a dhéanamh ar a fheidhmeanna agus ar an dóigh a mbaineann siad sin

le comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn trí Iniúchadh ar Neamhionannais a dhéanamh. Is féidir le húdarás poiblí an t-iniúchadh a úsáid chun bonn eolais a chur faoina chuid oibre i ndáil leis na dualgais chomhionannais agus dea-chaidrimh faoi alt 75. Is féidir le húdarás poiblí an t-iniúchadh a úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme na ndualgas reachtúil faoi alt 75, toisc go soláthraítear leis an iniúchadh faisnéis bhonnlíne faoi neamhionannais atá ann cheana a bhaineann leis na feidhmeanna atá ag údarás poiblí.

Mar chuid den chur chuige sin, moltar, i gcás go sainaithneofar neamhionannais, go bhforbródh **safefood** pleananna gníomhaíochta chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn, ar nithe iad atá bunaithe ar chomhthéacs a fheidhmeanna, atá nasctha le torthaí inghnóthaithe, agus a chuirtear chun feidhme faoi chuimsiú na scéime comhionannais. Moltar go mbeadh pleananna gníomhaíochta atá ceaptha chun comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh a chur chun cinn bunaithe ar anailís ar na neamhionannais atá ann do na catagóirí sin faoi alt 75 a ndéanann feidhmeanna **safefood** difear dóibh.

Agus na pleananna gníomhaíochta á n-ullmhú aige, rinne **safefood** iniúchadh ar neamhionannais chun sainaithint a dhéanamh ar an raon príomh-neamhionannas ar dhóigh do **safefood** aghaidh a thabhairt orthu le linn dó a fheidhmeanna a chur chun feidhme, d'fhorbair sé pleananna gníomhaíochta atá bunaithe ar fheidhmeanna agus ar na príomh-neamhionannais a sainaithníodh, thug sé tús áite do na gníomhartha sin ar cheart go mbeadh an tionchar is mó acu ar neamhionannais, agus d'fhorbair sé amscálaí le haghaidh na pleananna gníomhaíochta sin a chur chun feidhme.

## 2. **safefood – a bhunús agus a fheidhmeanna**

Is Comhlacht Thuaidh/Theas é **safefood**, atá freagrach as sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann. Bunaíodh sa bhliain 1999 é faoi théarmaí an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999. Foráiltear do na nithe seo a leanas leis an reachtaíocht lenar bunaíodh an Comhlacht:

- sábháilteacht bia a chur chun cinn;
- taighde a dhéanamh ar shábháilteacht bia;
- comhoibriú agus nasc-cheangail eolaíochta idir saotharlanna a chur chun cinn;
- faireachas a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha; agus
- saoráidí atá éifeachtach ó thaobh costas de a fhorbairt le haghaidh saintástáil saotharlainne.

Tá ceanglas air freisin comhairle a sholáthar maidir leis na gnéithe cothaitheacha de bhiana éagsúla.

Is iad an tOireachtas in Éirinn agus Tionól Thuaisceart Éireann a chistíonn an Comhlacht. Is ón Roinn Sláinte in Éirinn a thagann seachtó faoin gcéad den chistiú agus is ón Roinn Sláinte i dTuaisceart Éireann a thagann an chuid eile (tríocha faoin gcéad).

Is é/i an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a chuireann feidhmeanna an Chomhlachta i gcrích, ag gníomhú dó/di faoi threoir beartais na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT). Is ann do Bhord Comhairleach dháréag comhaltaí agus do Choiste Comhairleach **safefood** chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le feidhmeanna **safefood** a chomhlíonadh. Is é CATT a cheapann na comhaltaí den Bhord Comhairleach agus den Choiste Comhairleach araon. Áirítear leis na comhaltaí den Choiste Comhairleach saineolaithe a bhfuil raon leathan saineolais ghairmiúil, taithí gairmiúla agus cúlraí gairmiúla acu.

### 3. Faisnéis chúlra maidir le *safefood*

Is é an ról atá ag **safefood** sábháilteacht bia a chur chun cinn agus comhairle a sholáthar maidir le cothú ar oileán na hÉireann de réir an tsainchúraim reachtaigh atá air. Baintear é sin amach trí bhonn fianaise eolaíochta fóna údarásaí a fhorbairt, ar fianaise í a úsáidtear chun tionchar a imirt ar bheartas agus chun athrú iompraíochta a chur chun cinn ar mhaithe le feabhas a chur ar shláinte an phobail i gcoitinne. Tá sé mar thosaíocht ag **safefood** obair i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí ar oileán na hÉireann agus leas a bhaint as cineálacha nuálacha cur chuige chun tacú leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cumarsáid shoiléir a dhéanamh ar bhealach díreach tacúil;
- tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar shábháilteacht bia, ar chothú agus ar nósanna sláintiúla itheacháin; agus
- roghanna bia atá níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a spreagadh i measc tomhaltóirí agus ina measc sin a bhfuil ról acu sa bhiashlabhra.

Tá daoine agus an timpeallacht bia ar oileán na hÉireann i gcroílár na físe atá ag **safefood** agus an mhisin atá aige araon, agus úsáideann sé an dea-chleachtas, lena n-áirítear teoiric agus teicnící um athrú iompraíochta, chun teachtaireachtaí spriocdhírithé a fhorbairt ar mhaithe le tuilleadh eolais, faisnéise agus spreagtha a thabhairt do dhaoine sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur i gcroílár a roghanna stíl mhaireachtála. Féachann sé le húsáid chórasach a bhaint as teicnící um athrú iompraíochta, as taighde margaidh agus as teicnící um fhíordheimhniú teachtaireachtaí a bhaineann leis an spriocphobal le linn dó forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre chun a chinntiú go soláthróidh sé faisnéis atá ábhartha, praiticiúil, spriocdhírithé agus tráthúil don phobal. Féachann sé le teachtaireachtaí agus tionscnaimh a chruthú atá bunaithe ar ghnáthshaol a spriocphobal agus le cumarsáid a dhéanamh le daoine maidir leis na nithe atá ar na cinn is tábhachtaí dóibh ó thaobh bia agus sláinte de.

#### 4. Feidhmeanna nach mbaineann le *safefood*

Comhlacht poiblí beag a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe i gCorcaigh is ea *safefood*. Níl aon fhostaithe aige i dTuaisceart Éireann. Ní soláthraí seirbhísí sláinte é agus ní sholáthraíonn sé aon seirbhísí go díreach don phobal i dTuaisceart Éireann. Is é an príomhról atá aige taighde a choimisiúnú, faisnéis a scaipeadh agus feasacht a chur chun cinn ar shábháilteacht bia agus ar nósanna sláintiúla iteacháin ar fud oileán na hÉireann. Dá bhrí sin, níl na réimsí neamhionannais a tháinig as an iniúchadh seo ag teacht go dlúth leo sin a thagann chun cinn i mórsholáthraithe seirbhísí sláinte i dTuaisceart Éireann de ghnáth – i.e., ní áirítear leo aon ábhair inmí a bhaineann le fostaíocht nó le soláthar díreach seirbhísí.

#### 5. Bailiú Faisnéise

San Iniúchadh seo ar Neamhionannais, rinneadh faisnéis a bhailiú agus a anailísiú ar fud raon foinsí faisnéise staidrimh, idir fhoinsí inmheánacha agus fhoinsí seachtracha, chun sainaitheint a dhéanamh ar aon neamhionannais atá ann d'úsáideoirí seirbhíse agus dóibh sin a ndéanann beartais *safefood* difear dóibh. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na foinsí faisnéise:

- Suirbhé Éire Shláintiúil 2021
- Suirbhé Sláinte Thuaisceart Éireann: Na Chéad Torthaí 2020/21
- An Tuarascáil Bhliantúil ar Neamhionannais Sláinte 2022 (TÉ)<sup>1</sup>

---

<sup>1</sup> <https://www.health-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/health/hscims-report-2022.pdf>

- Cláir, scéimeanna agus tacaí an Rialtais i réimse na bochtaineachta bia<sup>2</sup>
- An Tionscnamh um Fhaireachas ar Mhurtall i measc Leanai<sup>3</sup>
- An Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála 2021<sup>4</sup>
- Slándáil bia i dTuaisceart Éireann<sup>5</sup>
- Plean Corparáideach **safefood** 2023-2025 agus Plean Gnó **safefood** 2022
- Athbhreithnithe Inmheánacha, Comhairliúcháin, Tuarascálacha Scagtha agus Measúnachtaí Tionchair Comhionannais (lena n-áirítear leasuithe atá beartaithe ar an Scéim Pinsean Thuaidh/Theas, an acmhainn ‘Weigh to Live’, **safefood** for Life, modúil ríomhfhoghlama, an Clár um Thionscnaimh Bhia Pobail, an Clár um Líonraí Eolais, agus an Straitéis Dhigiteach 2022-2024)

Anailísíodh sonraí agus príomhfhionnachtana/príomhbharúlacha ansin chun aon neamhionannais atá ann cheana nó a d’fhéadfadh a bheith ann a shainiú. Sainiúodh agus taifeadh deiseanna chun comhdheiseanna agus/nó dea-chaidreamh pobail a chur chun cinn. Sainiúodh agus taifeadh freisin réitigh fhéideartha nó maolú féideartha i leith aon neamhionannais shainitheanta.

## 6. An staid reatha agus dúshláin reatha do **safefood**

---

<sup>2</sup> <https://assets.gov.ie/230064/065ff541-d304-4bd6-8f4b-16ceb0b67fdb.pdf>

<sup>3</sup> <https://www.hse.ie/eng/about/who/healthwellbeing/our-priority-programmes/heal/childhood-obesity-surveillance-initiativecosi/childhood-obesity-surveillance-initiative-report-2020.pdf>

<sup>4</sup> <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-silc/surveyonincomeandlivingconditionssilc2021/povertyanddeprivation/>

<sup>5</sup> <https://www.food.gov.uk/sites/default/files/media/document/fy2-wave-1-ni-food-security-short-report-doi.pdf>



Bíonn ag méadú i gcónaí ar an tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le sábháilteacht bia agus le nósanna sláintiúla itheacháin ó thaobh cúrsaí sláinte de, agus is ar na nithe sin atá an cur chuige a ghlacann **safefood** i leith tacaí spriocdhírthe a sholáthar do thomhaltóirí bunaithe. Mórdhúshlán sláinte poiblí is ea an eipidéim reatha murtaill ar oileán na hÉireann. Bíonn eachtraí suntasacha domhanda (ionradh na Rúise ar an Úcráin, boilsciú breoslaí, cur isteach ar shlabhra an tsoláthair, agus téamh domhanda) ag cur le brúnna boilscitheacha agus, ar an tslí sin, ag méadú bochtaineacht bia agus slándáil bia.

Tarraingíodh aird i dtaighde agus obair **safefood** ar na saincheisteanna éagsúla polaitiúla, geilleagracha, sóisialta agus teicneolaíocha a imríonn tionchar ar a phríomhchuspóirí. Is iad seo a leanas samplaí de shaincheisteanna den sórt sin:

- Cur chuige comhlántach comhoibríoch i leith sláinte phoiblí a fhorbairt i gcomhar leis an líon mór geallsealbhóirí atá ann ar oileán na hÉireann.
- Sa mhóorthimpeallacht gheilleagrach agus shóisialta, ní thacaíonn na leasanna tráchtála atá ag táirgeoirí bia i gcónaí le roghanna bia atá sábháilte agus sláintiúil. Mar shampla, tá ardleibhéil siúcra, salainn agus saille ina lán bianna atá ar fáil ar phraghas réasúnach agus is minic a bhíonn sciartha rómhór.
- Bíonn ag méadú go fóill ar an líon daoine atá róthrom agus murtallach.
- Cuirtear mearbhall ar dhaoine de dheasca barraíocht faisnéise, áit a bhfaigheann siad cuid mhór faisnéise ón iliomad foinsí, ar faisnéis í a bhíonn bréagach nó míthreorach ó am go ham. Fágann sé sin go mbíonn sé níos dúshlánaí do **safefood** teachtaireachtaí a scaipeadh ar dhaoine chun tacú leo roghanna bia atá níos sábháilte agus níos sláintiúla a dhéanamh.
- Fadhbanna do sciar suntasach den daonra ar oileán na hÉireann is ea neamhionannais maidir le rochtain ar réim shláintiúil bia. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aghaidh ar na riachtanais atá ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste ar oileán na hÉireann.

- Is féidir le tionchar na teicneolaíochta ar iompraíocht tomhaltóirí, e.g., teachtaireachtaí sna meáin agus ar ardáin dhigiteacha maidir le tuismitheoireacht, an cultúr sónna, etc., mearbhall a chur ar thomhaltóirí maidir leis na bianna ba cheart dóibh a cheannach agus dul i bhfeidhm ar an gcumas atá ag **safefood** teachtaireachtaí soiléire a chur in iúl maidir le nósanna sábháilte sláintiúla itheacháin.
- Agus straitéisí feachtais á bhforbairt aige, is gá do **safefood** aitheantas a thabhairt dá thábhachtaí atá úinéireacht fón cliste, an spleáchas ar fheistí, bacadh fógrán ar na meáin dhigiteacha, algartaim meán sóisialta, etc.

Déanann daoine roghanna bia níos sláintiúla agus níos sábháilte nuair a chónaíonn siad i dtimpeallacht ina dtacaítear leis na roghanna sin. Agus é ag freagairt do na dúshlán sin, féachfaidh **safefood** le teachtaireachtaí agus tionscnaimh a chruthú atá bunaithe ar ghnáthshaol ár spriocphobal agus le cumarsáid a dhéanamh le daoine maidir leis na nithe atá ar na cinn is tábhachtaí dóibh ó thaobh bia agus sláinte de.

## 7. An Tábhacht a bhaineann le Cothú agus Sábháilteacht Bia do Shláinte

Tá murtall ina ghalar ainsealach, casta agus forchéimnitheach a dhéanann difear do dhaoine de gach aois, inscne agus cine, do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus do dhaoine nach bhfuil aon mhíchumas orthu agus do dhaoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus do dhaoine nach bhfuil aon chleithiúnaithe acu. Tá ceangal aige le galair ainsealacha eile amhail diaibéiteas chineál 2, galar cardashoithíoch, galar riospráide, roinnt cineálacha ailse, pian, agus neamhoird mhatánchnámharlaigh. Is féidir go mbeidh iarmhairtí sóisialta ann do leanaí atá róthrom nó murtallach freisin, lena n-áirítear bulaíocht, stiogmatú agus eisiamh.

Bíonn cuid mhór tosca taobh thiar de mhurtall, is cuma cé acu i measc leanaí nó aosach. Áirítear leo sin ár mórthimpeallachtaí bia, gníomhaíochta fisiciúla agus meán, deitármanaint shóisialta

amhail oideachas agus ioncam, agus géinitic. Ní bhíonn aon smacht ag daoine aonair ar fhorhmór mór na dtosca sin.

Nochtar i dtaighde ar neamhionannais sláinte i dTuaisceart Éireann go bhfuil claonadh méadaithe ann chun grúpaí áirithe comhionannais a fheiceáil sna leibhéil shocheacnamaíocha is ísle, e.g., fir, daoine faoi mhíchumas, daoine óga, agus máithreacha óga. San am atá thart, b'airde an leibhéal míbhuntáistí sóisialta (e.g., difreálaigh dhífhostaíochta) i measc Caitlicigh Rómhánacha ná Protastúnach. Cé gur tháinig cóineasú ginearálta ar leibhéil ghníomhaíochta fostaíochta idir an dá ghrúpa, léirítear i dtaighde eile ina bhféachtar ar leithscaradh cónaithe, mar shampla, gurb ann do leithscaradh go fóill maidir le heispéiris an dá phobal. Bheadh sé stuama, mar sin, a ghlacadh leis go ndéanann bochtaineacht agus míbhuntáiste difear do na pobail uile laistigh de Thuaisceart Éireann.

Cuireann a lán tosca leis an riosca go mbuailfidh bochtaineacht do dhuine. Is iad na príomhrioscaí ná tosca le linn aois an linbh, amhail bochtaineacht le linn aois an linbh, cáilíochtaí tuismitheoirí agus tosca teaghlaigh amhail cliseadh teaghlaigh. Áirítear le tosca sainaitheanta eile míchumas, tosca margadh saothair amhail dífhostaíocht, andúil phearsanta agus andúil tuismitheoirí le drugaí agus le halcól, cónaí i limistéir thuaithe, fiachas, agus eitneacht. Go háirithe, léirítear i dtaighde gurbh airde i bhfad an riosca bochtaineachta do ghrúpaí áirithe daoine ná grúpaí eile. B'airde an riosca sin i measc leanaí, daoine a bhfuil míchumas orthu, agus daoine atá ar phá íseal i ngach cineál teaghlaigh. B'ísle an riosca i measc 'lánúineacha nach bhfuil aon leanaí acu', agus 9% de dhaoine den sórt sin thíos le bochtaineacht choibhneasta. Ba iad tuismitheoirí singile an cineál teaghlaigh a bhí sa riosca ab airde, agus 34% de dhaoine den sórt sin thíos le bochtaineacht choibhneasta<sup>6</sup>.

---

<sup>6</sup> [https://www.communities-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/communities/scoping-review-of-literature-on-poverty-ni\\_0.pdf](https://www.communities-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/communities/scoping-review-of-literature-on-poverty-ni_0.pdf)

Tá an clár um Thionscnaimh Bhia Pobail (2022-24) deartha go sonrach chun spriocdhíriú ar theaghlaigh a bhfuil leanaí acu. Tá 13 thionscnamh den sórt sin á gcistiú ar fud oileán na hÉireann, i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha araon. Léiríodh sa mheastóireacht ar an gclár don tréimhse 2020-22 gur ghlac breis agus 5,000 teaghlach páirt sa chlár. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis an gclár ‘Bunathraigh do Thralaí’ i dTuaisceart Éireann, atá á reáchtáil i gcomhar le Comhghuaillíocht na nIonad Maireachtála Sláintiúla, feabhas a chur ar an gcumas atá ag rannpháirtithe pleanáil, buiséadú agus siopadóireacht a dhéanamh do bhia níos sláintiúla.

Fuair 44 thionscnamh pobail cistiú go dtí seo, agus iad ina gcuid de chlár tacaíochta agus foghlama comhroinnte. Cisteofar 13 thionscnamh pobail eile ar fud oileán na hÉireann tríd an gClár um Thionscnaimh Bhia Pobail 2022-2024. Tá sé mar aidhm leis an gclár difear dearfach a dhéanamh do nósanna itheacháin na dteaghlach a bhfuil leanaí acu agus a chónaíonn i bpobail ísealioncaim. Gach bliain, cisteoidh **safefood** idir 26 cinn agus 39 gcinn de thionscnaimh bheaga a bhaineann le nósanna sláintiúla itheacháin agus scileanna cócarála. Cisteoidh sé 26 imeacht eile ar fud an phobail gach bliain freisin.

## **8. Neamhionannais maidir le Rochtain ar Bhia Sábháilte Sláintiúil ar oileán na hÉireann**

Léiríodh i dtaighde **safefood** gurb iad na grúpaí is soghonta inar dóigh do neamhionannais a bheith ann maidir le rochtain ar bhia sábháilte sláintiúil ná teaghlaigh aontuismitheora, daoine scothaosta, teaghlaigh ísealioncaim a bhfuil leanaí sna déaga acu, daoine óga, agus daoine faoi mhíchumas. Aithníonn **safefood** go bhfuil na grúpaí sin le fáil sna catagóirí comhionannais uile agus nach mór na teachtaireachtaí cumarsáide uaidh a bheith cuimsitheach. Tá cuid mhór daoine ar oileán na hÉireann thíos le bochtaineacht bia agus le nósanna neamhsábháilte itheacháin. Sampla den dóigh a mbíonn **safefood** ag obair chun aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach

ar na hábhair inmí comhionannais agus rochtana sin is ea na Tionscnaimh Bhia Pobail dá chuid, áit a dtugtar eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí pobail, gníomhaireachtaí rialtais agus ranna rialtais ar oileán na hÉireann le chéile.

## 9. Tosaíochtaí do *safefood*

Tá straitéis **safefood** ailínithe leis na spriocanna a leag a ranna urraíochta amach. Leis an straitéis, spriocdhíreofar go sonrath ar mhurtall agus coinneofar díriú uile-oileáin ar bun, á aithint ag an am céanna go mbeidh riachtanais dhifriúla ag an dá dhlínse ag amanna difriúla. Beidh na tionscnaimh dírithe orthu sin a bhfuil an gá is mó acu leo.

Tá spriocanna na ranna urraíochta leagtha amach sna ráitis bheartais uathu. I ndáil le murtall agus róthroime i bPoblacht na hÉireann, tá sé mar sprioc leis an mBeartas agus Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall 2016 – 2025 ón Roinn Sláinte laghdú bliantúil 0.5% a bhaint amach sa mheánleibhéal meáchain barrachais i measc na n-aosach agus na leanaí uile. I dTuaisceart Éireann, tá na spriocanna seo a leanas leagtha amach sa doiciméad “Todhchaí Níos Aclaí do Chách – Creat le haghaidh róthroime agus murtall a chosc agus dul i ngleic leo i dTuaisceart Éireann 2012-2022”, agus nuashonrófar sa bhliain 2023 iad:

- Aosaigh: An leibhéal murtaill a laghdú faoi 4% agus an leibhéal róthroime agus murtaill a laghdú faoi 3% faoin mbliain 2022.
- Leanaí: An leibhéal murtaill a laghdú faoi 3% agus an leibhéal róthroime agus murtaill a laghdú faoi 2% faoin mbliain 2022.

Déanfar é sin trí chainéil éifeachtacha chumarsáide a chruthú lena gcumhachtófar dea-athrú iompraíochta agus a mbeidh oideachas agus oiliúint ina gcomhpháirteanna ríthábhachtacha díobh.

Soláthrófar clár láidir cumarsáide lena dtacófar leis an ngá méadaitheach le sábháilteacht bia agus sláinteachas bia a chur chun cinn do thomhaltóirí. Leagfar béim ar spriocdhírú ar spriocphobail shonracha atá i mórbhaol an nimhithe bia sa bhaile de dheasca a leochaileachtaí.

Tá a lán eagraíochtaí ar oileán na hÉireann a bhfuil baint acu leis an gcóras bia. Beidh sé mar straitéis ag **safefood** obair i gcomhar leis na geallsealbhóirí sin chun an leas is mó is féidir a bhaint as na buntáistí a ghabhann le cur chuige comhpháirtíochta agus chun forbairt a dhéanamh ar líonraí ábhartha is féidir a úsáid mar bhonn le beartas agus idirghabhálacha eile a fhorbairt.

Agus aird á tabhairt ar an straitéis sin, féachfaidh **safefood** le díriú go sonrach ar na nithe seo:

- Na luathbhlianta, ar lena linn is féidir difear ar fud an tsaoil a dhéanamh.
- Grúpaí soghonta amhail an pobal atá ag dul in aois.
- Tacú le pobail atá i mbaol na bochtaineachta bia.
- Grúpaí eile atá i mbaol a shainathint.

Tá sé mar aidhm ag **safefood** a chinntiú go mbeidh na modhanna cumarsáide cothrom agus cuimsitheach agus go sroichfidh siad ar bhealach leordhóthanach na grúpaí sin atá thíos le neamhionannas maidir le cothú a rochtain nó ar gá a bpatrúin tomhaltais a athrú chun nósanna níos sláintiúla itheacháin don bheatha a chur chun cinn. Aithníodh i meastóireacht **safefood** nach bhfuil na grúpaí a leagtar béim orthu chomh hábailta céanna na teachtaireachtaí uaidh a rochtain toisc go bhfuil siad faoi mhíbhuntáiste nó toisc go bhfágann tosca stíl mhaireachtála nó tosca staide nach bhfuil siad chomh hábailta céanna roghanna eolacha cumhachtaithe a dhéanamh. Aithníonn **safefood** na freagrachtaí atá air as aghaidh a thabhairt ar a shainchúram i leith gach

pobail. Tá sé tiomanta, áfach, do thionscnaimh speisialta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na grúpaí sin a bhfuil an gá is mó acu. Beidh na tionscnaimh sin ina gcuid dhílis dá bhearta gníomhaíochta le haghaidh an Phlean Gníomhaíochta.

Déanann **safefood** caidreamh éifeachtach le grúpaí pobail áitiúil mar aon le grúpaí náisiúnta chun éisteacht le tuairimí ar na dóigheanna is fearr ar féidir cur chun cinn a dhéanamh ar theachtaireachtaí cothaithe agus sábháilteachta bia atá spriocdhírthe ar na daoine a bhfuil an gá is mó acu leis an gcomhairle sin. Oibríonn **safefood** ar bhonn comhpháirtíochta chun a chinntiú go gcuirtear tuairim chuimsitheach leathan ar shaincheisteanna sláinte agus ar shaincheisteanna sábháilteachta bia in iúl agus go n-éistear leis an tuairim sin. Treoraítear gach feachtas le taighde faisnéiseach, lena n-áirítear le gach spriocphobal.

Nuair is féidir, glacann **safefood** páirt i gcomhairliúchán le carthanais náisiúnta, údaráis phoiblí, ranna rialtais, grúpaí feasachta agus fócasghrúpaí ar fud an oileáin chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt na bhfeachtas uaidh.

I gcás an chuid is mó de ghrúpaí, ní dócha go mbeidh tionchar difreálach ann ar chomhionannas deiseanna mar gheall ar úsáid an-ard na teicneolaíochta móibílí ar fud phobal an oileáin. Meastar go mbeidh dea-thionchar ann den chuid is mó trína chinntiú go leanfaidh daoine atá ag fáil rochtain ar fhaisnéis den chaighdeán céanna seirbhíse a fháil ach go leanfaidh siad freisin de thairbhiú de dhóigheanna malartacha chun faisnéis a rochtain.

Meastar, áfach, go bhféadfadh go mbeadh drochthionchar difreálach ann do roinnt aoisghrúpaí, go háirithe na daoine sin atá 65 bliana d'aois agus níos sine. Mar sin féin, maolófar an drochthionchar sin leis an bhfíric nach mbeidh cumarsáid ar líne ar an aon chainéal cumarsáide a úsáidfear, cé go mbeidh sí ar an bpríomhchainéal cumarsáide a úsáidfear. Chomh maith leis sin, leanfaidh **safefood** d'fhaisnéis a chur ar fáil i bhformáidí malartacha nuair is féidir (formáid

Braille, formáid fuaime, formáid mórchló, etc.), lena n-áirítear i gcóip chrua nuair a iarrtar amhlaidh, agus lena n-áirítear faisnéis a iarrtar i dteangacha malartacha nach Béarla ná Gaeilge iad. Is eol ón teagmháil le gníomhaireachtaí agus carthanais ábhartha gur mian le daoine faisnéis a rochtain i roinnt formáidí, agus áirítear leo sin daoine a mbíonn deacrachtaí acu faisnéis a rochtain mar gheall ar mhíchumas. Cloíonn suíomh Gréasáin **safefood** leis na Treoirínte maidir le hInrochtaineacht Inneachar Gréasáin, á chinntiú go mbíonn sé inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus rinneadh Iniúchadh Inrochtaineachta.

Is gá freisin go leanfadh **safefood** dá bhonn fianaise a thógáil, rud lena soláthrófar fianaise eolaíoch láidir a bheidh mar bhonn eolais faoi athrú cultúrtha agus lena gcumasófar é.

Chomh maith leis sin, tugann **safefood** aird ar leith ar shainnithint a dhéanamh ar ghrúpaí comhionannais eile nach léirítear i gcónaí sa bhonn fianaise agus sa taighde. Baineann teachtaireachtaí na nósanna sláintiúla agus sábháilte itheacháin le gach grúpa go cothrom. Is amhlaidh, áfach, nach léirítear sa taighde agus nach dtugtar le fios ann ach oiread go bhfuil aon tionchair dhifriúla ann ar roinnt grúpaí comhionannais a sainnithníodh go sonrath, e.g., gnéaschlaonadh, reiligiún, nó tuairim pholaitiúil. Is é sin an fáth a n-oibreoidh **safefood** i ndlúthchomhar le leibhéil chomhpháirtíochta pobail áitiúil agus le grúpaí náisiúnta chun a chinntiú go n-éistfeadh leis an teachtaireacht uaidh ar leibhéal an phobail.

## 10. Dea-chaidreamh

Ceanglaítear le halt 75 ar chomhlachtaí poiblí freisin aird a thabhairt ar an inmhianaitheacht a bhaineann le dea-chaidreamh a chur chun cinn i measc daoine ag a bhfuil creideamh reiligiúnach difriúil, tuairim pholaitiúil dhifriúil agus cúlra ciníoch difriúil. Creideann **safefood** gurb amhlaidh, trí oibriú i dtreo taighde fianaisebhunaithe cuimsitheach a sholáthar lena gcumasaítear comparáid agus comhar ar fud oileán na hÉireann agus trí oibriú i gcomhar gníomhach trí



thionscnaimh áitiúla i bpobail i dTuaisceart Éireann, atá sé ag rannchuidiú le meas níos mó a chur chun cinn idir an pobal Protastúnach, an pobal Caitliceach agus pobail mhionlaigh eitnigh i dTuaisceart Éireann. Saintréith den dóigh a n-oibríonn **safefood** is ea an cur chuige comhoibríoch comhoibritheach sin.

Creideann **safefood** freisin go bhfuil sé de chumas aige feabhas a chur ar an teagmháil le gach catagóir grúpaí comhionannais agus caidreamh níos fearr a thógáil leis na grúpaí sin agus le príomh-gheallsealbhóirí eile. Tugann sé deis freisin le dea-chaidreamh a chothú ar bhealach níos fearr trí dhíriú ar a chinntiú gurb inrochtana do gach duine a bheidh an fhaisnéis arna cruthú agus, nuair is gá, go soláthrófar formáidí malartacha oiriúnacha, mar aon le comhairle shoiléir maidir le conas iad a rochtain.

## 11. Conclúid agus Plean Gníomhaíochta Alt 75

Ag obair dó i gcomhpháirt le daoine eile, tá ról mór ag **safefood** i gcumarsáid a dhéanamh chun athrú a spreagadh chun go mbainfí amach an aidhm atá aige sláinte agus folláine an phobail a chosaint agus a fheabhsú ar oileán na hÉireann. Molann Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann (ECNI) go ndéanfadh údaráis phoiblí pleananna gníomhaíochta a athbhreithniú agus a nuashonrú thar thréimhse feidhme na scéime comhionannais uathu chun a chinntiú go mbeidh siad éifeachtach agus ábhartha dá gcuid feidhmeanna agus oibre fós, agus molann sé go mbreithneofaí faireachán éifeachtach ag gach céim de chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta chun go mbeifear in ann an dul chun cinn ar a soláthar a thomhas agus tuairisc a thabhairt air. Mar thoradh ar an leagan roimhe den Iniúchadh ar Neamhionannais, Pleananna Gníomhaíochta Alt 75, Straitéisí Corparáideacha, pleananna gnó agus taighde tábhachtach a athbhreithniú, tá bonn dlúth ag **safefood** le machnamh a dhéanamh agus le leanúint ar aghaidh ag cur lena chuid oibre mar a bhaineann sí leis na grúpaí comhionannais atá sna catagóirí a chumhdaítear le halt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann, 1998.

Mar thoradh ar an gcleachtadh sin, d'ullmhaigh **safefood** Plean Gníomhaíochta Alt 75 don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025.

# Plean Gníomhaíochta Alt 75 – an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025

*(NB: Níl an Plean Gníomhaíochta seo mar chuid den Scéim Comhionannais cheadaithe. Is doiciméad ‘beo’ é agus beifear in ann cur leis de réir mar a shainaithníonn **safefood** neamhionannais eile. Dá bhrí sin, is beart leanúnach é athbhreithniú a dhéanamh ar an iniúchadh ar neamhionannais a bhfuil an plean bunaithe orthu).*

## Réamhrá

Tá sé mar aidhm uileghabhálach ag **safefood** difear a dhéanamh d’iompraíocht tomhaltóirí i ndáil le sábháilteacht bia agus le nósanna sláintiúla itheacháin ar oileán na hÉireann, agus an iompraíocht sin a athrú. Is é atá i gceist lenár misean:

sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.

Tá **safefood** i mbun sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann ó mhí na Nollag 1999 i leith, de réir an tsainchúraim reachtaigh atá air. Tá sé mar thosaíocht againn cumarsáid dhearfach a dhéanamh ar bhealach díreach soiléir chun tomhaltóirí agus iad sin a bhfuil ról acu sa bhiashlabhra a aistriú i dtreo tuiscint níos fearr ar shábháilteacht bia, ar chothú agus ar nósanna sláintiúla itheacháin, agus an chumarsáid sin bunaithe i gcónaí ar eolaíocht fhóna údaráis. Tá sé mar sprioc againn difear a dhéanamh d’iompraíocht ar mhaithe le sláinte an phobail a fheabhsú.

Tá tomhaltóirí ar oileán na hÉireann i gcroílár na físe agus an mhisin atá againn agus beidh sé sin amhlaidh thar thréimhse Phlean Gníomhaíochta Alt 75 seo. Cuirfidh **safefood** leis na teachtaireachtaí spriocdhírthe agus cáiliúla uainn do thomhaltóirí ar mhaithe le tuilleadh eolais, faisnéise agus spreagtha a thabhairt do thomhaltóirí sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur i gcroílár a roghanna stíl mhaireachtála.

Tugann **safefood** aird ar an bhfíric go leanfaidh tosca geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha ar aghaidh ag athrú le himeacht ama, agus difear á dhéanamh d'ábhair inní tomhaltóirí agus dá ndearcthaí i leith an bhia. Leanann tionscal an bhia ar aghaidh ag fás ar domhan agus, ó am go chéile, is féidir go dtarlóidh ráigeanna de bhreiteacht bhia-iompartha nó teagmhais a athróidh dearcthaí tomhaltóirí tuilleadh agus a bhainfidh an bonn dá muintín corrúair. Leanfaimid ar aghaidh ag déanamh faireachán ar na hábhair inní sin agus úsáidfimid ár gcuid acmhainní go cuí chun eolas cuí agus, nuair is cuí, athdhearbú a thabhairt do thomhaltóirí chun go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag déanamh roghanna sláintiúla agus sábháilte bia.

Tá **safefood** ar an eolas faoin mór-chomhthéacs sláinte poiblí ina n-oibrímid, agus leanfaimid ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Rialtais agus le comhpháirtithe gairmiúla ar fud oileán na hÉireann chun eolas a thabhairt do thomhaltóirí faoi roghanna dearfacha stíl mhaireachtála chun feabhas a chur ar a gcuid sláinte, go háirithe comhairle maidir le cothú, agus faoi dhea-chleachtas sábháilteachta bia. Leanfaimid ar aghaidh ag comhrac an mhurtaill, rud a bhfuil pobal oileán na hÉireann tugtha dó, faoi mar atá amhlaidh i gcás cultúir iartharacha eile, chun baol an stróc, an ghalair croí, an diaibéitis agus na n-ailsí a laghdú. Spriocdhíreofar ar leanaí, ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí lenár dtionscnaimh oideachais agus leanfar inár gcláir chumarsáide de thús áite a thabhairt do leasanna fadtéarmacha an phobail.

Leanfaidh **safefood** dár gcláir a mheas ar bhonn leanúnach chun a dtionchar a mheasúnú agus chun a chinntiú go n-úsáidfear an taighde is ábhartha agus is praiticiúla chun tacú lenár gcumarsáid. Déanfaimid féin an taighde sin i gcásanna ina measaimid go dtacaíonn sé le gá, lena n-áirítear taighde a spriocdhíriú chun iompraíocht tomhaltóirí agus síceolaíocht tomhaltóirí a thuiscint ar bhealach níos fearr agus chun acmhainn sábháilteachta bia an bhiashlabhra a bhreisiú. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas ár gcláir chumarsáide a phleanáil go héifeachtach chun torthaí dearfacha a bhaint amach do dhaoine.

Trínár nIníúchadh ar Neamhionannais, tugaimid aird fós ar na daoine sin atá ag fulaingt bochtaineacht bia nó atá i mbaol í a fhulaingt, agus beidh clár spriocdhírthe idirghabhálacha againn a bheidh dírithe go sonrach ar shláinte fhoriomlán daoine a chothú agus a fheabhsú. Aithnímid gur gá dúinn cumarsáid a dhéanamh ar ardán cothrom cuimsitheach chun go mbeidh grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta in ann páirt a ghlacadh ann. Is é an ról atá againn ná cumarsáid a dhéanamh. Trínár gcuid taighde agus trínár meastóireacht ar fheachtais, d'aithníomar go bhfuil grúpaí áirithe ann sa tsochaí nach bhfuil chomh hábailta céanna na teachtaireachtaí uainn a rochtain. In amanna, spriocdhíreoimid go sonrach ar na grúpaí sin atá faoi mhíbhuntáiste nó nach bhfuil chomh hábailta céanna roghanna eolacha agus cumhachtaithe a dhéanamh mar gheall ar thosca stíl mhaireachtála nó ar thosca staide.

Cuid dhílis de **safefood** is ea aidhm chun cumarsáid a dhéanamh agus chun cumhachtú. Príomhshruthaítear an aidhm sin tríd an bPlean Corparáideach 2023-2025 uainn. Tugtar breacchuntas sa doiciméad sin ar an ról a bheidh ag **safefood** i dtomhaltóirí a chumhachtú chun na feabhsuithe riachtanacha a dhéanamh ar a gcuid roghanna agus iompraíochta. Tá croíluachanna an doiciméid sin, mar atá dínit agus meas, mar bhonn eolais faoin bPlean Gníomhaíochta uainn istigh anseo.

## Plean Gníomhaíochta Alt 75 2023-2025

Neamhionannais	Gníomh	Amscála agus toradh ionchais	Dul Chun Cinn a Thomhas agus a Thuairisciú
<p><b>Daoine faoi Mhíchumas</b></p>	<p>A chinntiú go gcomhlíonfar spriocanna an Phlean Gníomhaíochta um Míchumas.</p> <p>Leanúint de sholáthairtí faisnéise <b>safefood</b> a athbhreithniú chun a dhéanamh amach an dteastaíonn nó nach dteastaíonn cineálacha cur chuige níos saincheaptha i leith cumarsáide.</p> <p>I bhfeachtais, tionscnaimh agus straitéisí lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sábháilteachta bia agus ar shaincheisteanna sláinte, déanfar breithniú sonrath ar an dóigh is fearr ar féidir an grúpa sin a shroicheadh, agus stiogma sóisialta agus milleán á seachaint.</p>	<p>Déanfar é sin thar thréimhse feidhme an Phlean Chorpáidigh agus an Phlean Gníomhaíochta um Míchumas. Is é an aidhm ná bacainní le modhanna cumarsáide ginearálta a bhaint nó a mhaolú agus dea-athruithe iompraíochta a fhorbairt.</p> <p>Soláthrófar feachtais thar thréimhse feidhme an Phlean Chorpáidigh 2023-2025.</p> <p>2023-2025 – Breithneofar é sin go leanúnach i ngach feachtas, i ngach tionscnamh agus i ngach straitéis.</p>	<p>Faireachán agus meastóireacht ar an bPlean Gníomhaíochta um Míchumas</p> <p>Meastóireacht ar acmhainní faisnéise</p>
<p><b>Seirbhísí Faisnéise Inrochtana a Sholáthar</b></p>	<p>Ár gcuid faisnéise, bíodh sí i scríbhinn nó Gréasánbhunaithe, a fhorbairt go réamhghníomhach i bhformáidí inrochtana chun freastal ar na riachtanais atá ag gach grúpa comhionannais.</p>	<p>Seirbhísí faisnéise níos inrochtana dár dtomhaltóirí.</p> <p>Inrochtaineacht suíomh Gréasáin agus teicneolaíochta a bheith breisithe chun freastal ar na riachtanais atá ag grúpaí difriúla.</p>	<p>Beidh siad sin leanúnach agus déanfar meastóireacht orthu ar fud na dtrí bliana.</p>

		A chinntiú go leanfaidh an suíomh Gréasáin de sheicliosta Threoirlínte maidir le hInrochtaineacht Inneachar Gréasáin 2.0 a chomhlíonadh. Ráiteas Inrochtaineachta a fhoilsiú.	
--	--	---	--

Trína chuid gníomhartha uile, tá **safefood** tiomanta do thoradh a bhaint amach inar sábháilte agus sláintiúil a bhíonn nósanna itheacháin na ndaoine i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn. Is é aidhm fhoriomlán na mbeart gníomhaíochta atá liostaithe i bPlean Gníomhaíochta Alt 75 Thuaisceart Éireann ná go rannchuideoidh siad leis an toradh sin.

Agus é ag féachaint le difear a dhéanamh d’athrú iompraíochta do gach duine, díríonn **safefood** ar cá háit is mó a dteastaíonn an t-athrú iompraíochta – mar atá, i measc na ngrúpaí atá luaite thuas go sonrath. Tá meastóireacht ar na tionscadail agus na feachtais uile ar siúl ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbeidh siad éifeachtach agus cuimsitheach agus go sroichfidh siad grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Creideann **safefood** nach n-éireoidh lenár gcuid clár agus feachtas ach amháin má théimid i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile ar bhonn seasmhach, agus tá straitéis i ndáil le geallsealbhóirí á forbairt againn faoi láthair chun ár spriocanna a chomhdhlúthú agus a bhreisiú. Mar ghné dár gcaidreamh le geallsealbhóirí, déanfaimid caidreamh le grúpaí comhairleacha sna réimsí lena mbaineann imní d’fhonn ár bhfeachtais a fhorbairt ar bhealach spriocdhírthe dírithe chun go ndéanfar an difear is mó is féidir.